**Derry City & Strabane**
District Council

Comhairle
**Chathair Dhoire &**
**Cheantar an tSratha Báin**

**Derry Cittie & Stràbane**
Destrìck Cooncil

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

An 3ú Eagrán

BEALTAINE 2023




www.**derrystrabane**.com

# Fáilte

**Tá fáilte romhat chuig Gaeilge & Fáilte - nuachtlitir Ghaeilge Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin. Sa nuachtlitir seo gheobhaidh tú eolas maidir le Seirbhísí Gaeilge na Comhairle mar aon le heolas faoi imeachtaí atá ag tarlú i saol na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle.**

**San eagrán seo den nuachtlitir, caithfidh muid súil siar ar na himeachtaí ar fad a tharla i rith Sheachtain na Gaeilge 2023.**

**Amharcfaidh muid ar na deiseanna atá ar fáil do phobal na Gaeilge agus déanfaidh muid ceiliúradh ar na rudaí iontacha atá idir lámha ag pobal na Gaeilge fud fad an cheantair Chomhairle chomh maith.**

## Déan Teagmháil Linn

**Ríomhphost:** gaeilge@derrystrabane.com
**Guthán:** 028 71 376579 (Líne Ghaeilge)
**Facebook:** facebook.com/foramphobalnagaeilge
**Twitter:** twitter.com/foramphobal

www.**derrystrabane**.com








## Seirbhísí Gaeilge na Comhairle

Cuireann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin réimse seirbhísí ar fáil do phobal na Gaeilge. Mar chuid de na seirbhísí seo, is féidir Gaeilge a labhairt linn nuair a chuireann tú scairt orainn, iarratas a dhéanamh le do shráidainm a fháil i nGaeilge, foirmeacha agus iarratais a chomhlánú i nGaeilge, mar aon le réimse leathan seirbhísí Gaeilge eile.
Is féidir ár seirbhísí Gaeilge ar fad a fheiceáil ar an fhiseán ar www.derrystrabane.com/gaeilge chomh maith.

Má tá seirbhís uait i nGaeilge déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge, Erin Hamilton, ar an líne Ghaeilge: (028) 71376 579 nó seol ríomhphost chuig gaeilge@derrystrabane.com
Chomh maith leis sin, má tá seirbhís uait nach bhfuil ar fáil faoi láthair, déan teagmháil linn.

## Déan iarratas ar shráidainm dátheangach

Cuirtear fáilte roimh an phobal iarratas a dhéanamh ar an Chomhairle chun leagan dátheangach de shráidainm nó ainm bóthair a fháil, bíodh sin i nGaeilge nó i dteanga ar bith eile. Tá gach eolas ar an scéim seo ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle ag www.derrystrabane.com/streetnaming nó trí ríomhphost a chur chuig duallanguagesignage@derrystrabane.com



## Torthaí an tSuirbhé Custaiméirí 2022



**Tá muid, mar Chomhairle, tiomanta i dtreo Seirbhísí Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus tá muid i gcónaí ag iarraidh iad a fhorbairt agus a fheabhsú, más gá. Mar chuid den fhorbairt seo, cuireann muid suirbhé custaiméirí amach gach bliain chuig pobal na Gaeilge lena dtuairimí ar an seirbhís a bhailiú.**

Tá muid sásta a fhógairt go bhfuil rátáil ard-shásaimh bainte amach ag Seirbhísí Gaeilge Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin sa suirbhé is déanaí a rinneadh le phobal na Gaeilge.
Dúirt 94% de na daoine a d'úsáid na seirbhísí roimhe go raibh siad iontach sásta nó sásta leis na Seirbhísí Gaeilge.
Dúirt 86% de na daoine a ceistíodh go mbainfeadh siad úsáid as na seirbhísí arís agus dúirt 95% de na daoine a ceistíodh go molfadh siad na seirbhísí le daoine eile.

Cuideoidh an t-aiseolas seo a fuarthas go mór le forbairt agus dul chun cinn na seirbhísí Gaeilge. Gabhann muid buíochas le gach duine a chomhlánaigh an suirbhé agus fáiltíonn muid roimh aiseolas ó phobal na Gaeilge maidir lenár Seirbhísí Gaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú in am ar bith. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar: gaeilge@derrystrabane.com








# Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge 2023

## Seoladh Sheachtain na Gaeilge 2023

**Bhí muid thar a bheith sásta clár Sheachtain na Gaeilge 2023 a sheoladh i bParlús an Mhéara i nDoire leis an Mhéara Sandra Duffy ar an 1ú Márta 2023.**

# Lúcháir Leabhar: Lá Domhanda na Leabhar 2023




**Bhí lúcháir orainn fáilte a chur roimh Ghaelscoileanna an cheantair chuig Halla na Cathrach i nDoire le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Domhanda na Leabhar ar an 2ú Márta.**

**Chuir an scéalaí aitheanta, Bríd Anna Ní Bhaoill as Rann na Feirste ceardlann scéalaíochta iontach i láthair do dhaltaí ó Ranganna 6 agus 7.**

Fuair na daltaí agus baill foirne ó Ghaelscoil na Daróige, Bhunscoil Cholmcille, Ghaelscoil Uí Dhochartaigh agus Ghaelscoil Éadain Mhóir léargas iontach ar na scéalta is fearr sa bhéaloideas chomh maith le cluichí agus rabhlóga sultmhara bunaithe ar na scéalta seo.

Bronnadh bearta leabhar Gaeilge ar gach scoil ag deireadh an imeachta chomh maith. Tacóidh na leabhair seo le leabharlanna na scoileanna agus tá súil againn go spreagfaidh siad an léitheoireacht i measc na ndaoine óga i rith na bliana ar fad.

Gabhann muid buíochas leis an Mhéara Sandra Duffy as an tacaíocht don imeacht seo.

# Scéim an Fháinne



**Bronnadh na teastais agus suaitheantais Cúpla Focal ar oibrithe Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ar an 7ú Márta 2023.**

Glacann na hoibrithe seo páirt i mBunranganna agus Meánranganna Gaeilge sa Chomhairle gach seachtain faoi stiúir an Oifigigh Ghaeilge agus bhí lúcháir orthu na gradaim seo a bhaint amach i rith Seachtain na Gaeilge 2023. Cuireann an scéim seo le cumas na foirne bheith in ann seirbhísí agus eolas a chur ar fáil don phobal i nGaeilge, agus cé go dtuigeann an Chomhairle agus na rannpháirtithe araon gur próiseas fadtéarmach é foghlaim teanga tosaíonn gach turas le céimeanna beaga! Nach iontach iad!

# Beir Bua: Lá Idirnáisiúnta na mBan 2023

**Bhailigh réaltaí an ghearrscannáin ‘Beir Bua’ le chéile leis an Mhéara i Halla na Cathrach i nDoire ar an 8ú Márta don chéad taibhiú den ghearrscannán a fheiceáil.**



Rinne an gearrscannán ceiliúradh ar na mná atá ag obair i gComhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin atá ag foghlaim Gaeilge.

Labhair na mná seo ar na hathruithe dearfacha atá tagtha ar a gcuid saoil agus slite beatha mar gheall ar fhoghlaim na Gaeilge agus tá muid iontach bródúil astu siúd a ghlac páirt ann. Tá siad mnáwesome!

**Le tacaíocht ón Roinn Dea-Chaidrimh i gComhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin.**

**Caith súil ar an scannán ar an nasc seo a leanas agus bain sult as: https://www.youtube.com/watch?v=T8-O-vkfyKo**

## Caint agus Ceol le Claire Nic Ruairí

**Bhí ceol binn ar an sean-nós le cloisteáil ó Halla na Cathrach ar an 15ú Márta nuair a chuir an t-amhránaí clúiteach Claire Nic Ruairí caint agus ceardlann i láthair bunaithe ar thraidisiún na hamhránaíochta ar an sean-nós in Iarthuaisceart na hÉireann. Thug Claire léargas iontach don lucht éisteachta ar an réimse amhráin agus na stíleanna éagsúla atá ar fáil sna hamhráin ar an sean-nós agus bhí idir ceol, caint agus craic ar siúl idir Claire agus an lucht éisteachta ar an oíche. B'imeacht galánta é le deireadh a chur leis an ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge 2023.**




# Tionscadail agus Ceardlanna do na Gaelscoileanna Áitiúla

**Tugann Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin tacaíocht d'eagraíochtaí éagsúla le ceardlanna dátheangacha nó lán-Ghaeilge a chur ar fáil (ar bhonn iarratais) sna Gaelscoileanna áitiúla.**

Is seirbhís ar leith é seo gur féidir leis an Oifigeach Gaeilge a chur ar fáil do na Gaelscoileanna sa cheantar Chomhairle. Go dtí seo tá ceardlanna lán-Ghaeilge no dátheangach curtha ar fáil ag an Oifigeach Gaeilge i nGaelscoileanna áitiúla do na heagraíochtaí seo a leanas:



- **An Chros Dhearg**
- **RSPB – An Cumann um Chosaint Éan**
- **Sustrans**
- **Seagate**
- **An Roinn Athchúrsála (Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin)**

Má dhéanann eagraíocht teagmháil leis an scoil le ceardlann a ofráil i mBéarla, is féidir leis an scoil nó leis na eagraíocht féin iarratas a dhéanamh ar an Chomhairle le tacaíocht teanga a fháil chun ceardlann dhátheangach a chur i láthair, éascaithe ag an Oifigeach Gaeilge.

Cé go ndéanfaidh muid iarracht freastal ar gach iarratas, ní mór don scoil nó don eagraíocht teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge ar dtús, ionas gur féidir na féidearthachtaí a phlé. Is deis iontach iad na tionscadail seo le stór focal na ndaltaí a leathnú chomh maith le léargas iontach a thabhairt dóibh ar na deiseanna agus na féidearthachtaí iontacha atá ar fáil fud fad saol na Gaeilge.

**Tuilleadh eolais: gaeilge@derrystrabane.com**

# Fóram
## Phobal na Gaeilge

**Tagann Fóram Phobal na Gaeilge le chéile gach ráithe le cúrsaí forbartha teanga a phlé. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí, ghrúpaí agus dhaoine aonair a bhfuil suim acu dul i mbun plé faoin Ghaeilge, dheiseanna comhoibre agus faoi cheisteanna straitéiseacha agus forbartha teanga bheith i láthair.**

**Beidh an chéad chruinniú eile de chuid an Fhóraim ag tarlú Déardaoin 25ú Bealtaine in Áras an Chuain (taobh le Halla na Cathrach i nDoire) ar 10:30 am.**

**Más mian leat féin bheith páirteach sna cruinnithe seo nó má tá ceist agat faoin dóigh a n-eagraítear cruinnithe déan teagmháil leis an Oifigeach Gaeilge ag: gaeilge@derrystrabane.com nó cuir scairt ar an líne Ghaeilge ar: 028 71 376579**





# I mBéal an Phobail

## Dea-scéal faighte ag Gaelscoil Uí Dhochartaigh



**Tá Gaelscoil Uí Dhochartaigh ag ceiliúradh cúig bliana is fiche ar an fhód i mbliana. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an cheiliúradh seo mar go bhfuil sé ag tarlú de réir mar atá foirgneamh nua bríce ar luach £5m á thógáil don Ghaelscoil agus don Naíscoil ar láithreán úrnua ag Bóthar Strahans ar imeall an bhaile.**

Deir Colmán Mac an Chrosáin, Cathaoirleach Bhord na nGobharnóirí, gur comóradh thar a bheith speisialta é agus an aisling a rabhthas ag súil leis le fada á tabhairt i gcrích. Is cinnte gur céim mhór chun tosaigh í i saol na Gaeilge ar an tSrath Bán.

Le blianta fada roimhe seo fágadh faoi dhornán de Ghaeil thiomnaithe i ngach glúin

an teanga a choinneáil beo agus threabh siad gort uaigneach.

Ach cuireadh síol úr nuair a tháinig díograiseoirí óga le chéile ag tús na 1990idí chun craobh úr de Chonradh na Gaeilge a bhunú. B'iadsan an príomhfhórsa tiomána taobh thiar de bhunú Naíscoil an tSratha Báin (an chéad Ghaelscoil i dTír Eoghain), a d'oscail a doirse ag Sráid na Beairice sa bhaile i mí Mheán Fómhair 1994.

Agus an Naíscoil faoi bhláth, thosaigh plé faoin chéad chéim eile chun cinn. In Earrach na bliana 1997, eagraíodh cruinniú le plé a dhéanamh ar an fhéidearthacht sruth a bheith i gceann de na bunscoileanna áitiúla Béarla nó bus a eagrú go Bunscoil Cholm Cille i nDoire, b'fhéidir.

Ba é Cathal Ó Donnghaile, as Gaeloiliúnt, príomhchainteoir na hoíche agus níorbh fhada go raibh cinneadh glactha go mbeadh scoil dár gcuid féin le bunú. Rinne an coiste sin éacht nach beag- bailíodh airgead, earcaíodh múinteoir, fuarthas áitreamh ar cíos in Ionad Tréadchúraim Naomh Áine agus an meall mór ar deireadh bhí ceathrar daltaí faighte faoin am ar oscail Gaelscoil Uí Dhochartaigh don chéad uair ar an 1 Meán Fómhair 1997.

Ní éacht furasta é scoil a reáchtáil gan **tacaíocht airgeadais stáit. Bhíothas ag maireachtáil ó lámh go béal gach mí, ag iarraidh a chinntiú go raibh go leor airgid ann chun na costais uilig a chlúdach. Ach i gcoiteann le pobal Gaeilge i gceantair eile, sáraíodh na dúshláin mar gheall ar dhúthracht agus dhíograis gach a bhí páirteach ann. Crannchur deich seachtaine, punt an tseachtain, a bhí ar cheann de na gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid a bhí ag muintir an tSratha Báin sna blianta siúd. Crá croí a bhí ann ag dul ó dhoras go doras faoi choinne puint ach ba shlí éifeachtach í buntáistí an dátheangachais a scaipeadh i measc an phobail agus teaghlaigh eile a mhealladh i dtreo an Ghaeloideachais.**

Mar aon le flaithiúlacht mhuintir na háite, bhí an-tacaíocht ó Chathal agus Ghaeloiliúint i rith na luathbhlianta dúshlánacha seo chomh maith le tacaíocht láidir maoinithe ó chlubanna áitiúla CLG:

Mar gheall ar mhéadú seasta ar líon na ndaltaí, b'éigean an dara múinteoir a fhostú i 1999 ach bhíothas ag streachailt go leor airgid a bhailiú chun costais na scoile a chlúdach.

Tháinig Mairtin McGuinness, a bhí ina Aire Oideachais ag an am, i dtarrtháil ar choiste na scoile nuair a laghdaigh sé na huimhreacha inmharthanachta a theastaigh chun scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú taobh amuigh de Bhéal Feirste agus de Dhoire. Ba mhór an faoiseamh nuair a d'fhógair sé aitheantas oifigiúil don Ghaelscoil i Mí na Nollag 2000.

**San am céanna, bhí obair ar siúl chun an Naíscoil agus an Ghaelscoil a athlonnú ar shuíomh ar cíos ón Chomhairle áitiúil ag bun Eastát Bhaile Uí Cholmáin sa bhaile. Fuarthas botháin, halla mór agus bloc leithris ó Bhunscoil Phobail Feirste don Ghaelscoil. Le deontas £41K ó Iontaobhas na Gaelscolaíochta, lonnaíodh ar an suíomh úr iad i 2001. Éiríodh deontas £85k a fháil ó 'Children in Need' chun foirgneamh na naíscoile a lonnú ann fosta.**

**Chuaigh cúrsaí ó neart go neart le méadú daltaí agus foirne bliain i ndiaidh bliana. Tá an naíscoil ina haonad reachtúil de chuid na Gaelscoile le fada agus idir an bheirt acu bíonn tuairim is 170 ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge sa bhaile gach bliain anois.**

De réir mar a d'fhás an scoil is amhlaidh a chuaigh bail na mbothán sealadach in olcas agus bhí muid ar thó

ir scoil úr le blianta blianta fada.
Ba é an tAire Oideachais John O'Dowd a thug cead dul ar aghaidh leis an scoil úr i 2013.

Bhí go leor constaicí agus moilleanna díomácha ann idir an dá linn ach tá pobal na Gaeilge buíoch ó chroí le gach duine a chuidigh an cor cinniúnach seo i saol na Gaeilge ar an tSrath Ban a bhaint amach. Is le gach a d'oibrigh riamh ar son na Gaeilge sa cheantar an scoil úr seo agus a hoidhreacht sa mhórphobal.

Idir dalta reatha agus iardhalta agus a dteaghlaigh cuimsíonn pobal na Gaeilge cuid nach beag de phobal na háite.
Níl an Ghaeilge in áit na leathphingine a thuilleadh ach mar chuid lárnach de shaol sóisialta agus cultúrtha an phobail áitiúil.. Tá sí á labhairt go laethúil inár dtithe,

**sráideanna agus siopaí. Tá sí le feiceáil ar ár gcomharthaí sráide dátheangacha. Níl dabht ar bith ná go méadófar pobal Gaeilge an tSratha Báin agus an foirgneamh nua buan seo ag an Ghaelscoil. Ar aghaidh leo!**




# Siubhán Nic Amhlaoibh - Stiúrthóir Chultúrlann Uí Chanáin, Doire

**Tá Stiúrthóir úr ceaptha ag Cultúrlann Uí Chanáin. Is as Loch Bricleann, Condae an Dúin ó dhúchas í Siubhán Nic Amhlaoibh agus chaith sí na blianta ag obair san earnáil ealaíona agus cultúir i Learpholl, le heagraíochtaí macasamhail Ceolfhoireann Fhiolarmónach Learphoill, Féile na nGael Learphoill, Conradh na Gaeilge Learpholl agus Comhaltas na Breataine.**

Dúirt Siubhán; "Chuaigh an seal a chaith mé i Learpholl go mór i bhfeidhm orm, go háirithe an obair a rinne mé le diaspóra na hÉireann, ceoltóirí traidisiúnta agus Gaeilgeoirí ansiúd. Tá mé ar bís le bheith ar ais ar thalamh na hÉireann agus ag cur tús le ré úr anseo i nDoire.

Bhí fáilte Uí Cheallaigh curtha romham ó phobal an Iarthuaiscirt agus foireann na Cultúrlainne cheana féin. Is mó an ionspioráid a thugann misneach, croíúlacht agus spioráid muintir Dhoire dom agus tá sé ar intinn agam na tréithe siúd a chur i bhfeidhm i m'obair féin anseo.

**www.culturlann.org**

**https://www.facebook.com/culturlann/**

Comhairle Chathair Dhoire agus
Cheantar an tSratha Báin

# Gaeilge & Fáilte

An 3ú Eagrán

BEALTAINE 2023

Derry City & Strabane
District Council

Comhairle
Chathair Dhoire &
Cheantar an tSratha Báin

Derry Cittie & Stràbane
Destrìck Cooncil

Tá an Nuachtlitir seo ar fáil i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cló mór, braille, formáidí fuaime (CD, MP3, DAISY) agus mionteangacha.

Tuilleadh eolais faoi fhormáidí eile:

guthán: 028 71 253253

nó

ríomhphost: equality@derrystrabane.com

www.derrystrabane.com